# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch Agus Ábhar Neamhbheo

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**De hAoine, 9 Bealtaine      Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Céadaoin, 30 Aibreán**

**Treoracha**

- Tá cead agat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, ámh. Níl cead stionsail, teimpléid ná íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás ar an mbileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.

- Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E. Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E, nó ar fhoireann nithe a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a chur i gcrích in am, roimh thús an scrúdaithe**. Ní mór duit an túsphointe agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir duit an túsphointe agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

Éadaí ar sladmhargadh agus rinsí a bhíodh le fáil in Íoslach Mhuintir Simpson tráth. Ach is áit lonrach anois é. Tá pirimidí de sheacláidí iompórtáilte ann, cuntar uachtair reoite, pasáiste i ndiaidh pasáiste de bhrioscaí gleoite agus de bhia beadaí i mboscaí stáin, agus iad ag ticeáil leo mar a bheadh chloig bheaga i dtreo na ndátaí stampáilte ar na pacáistí a mbeidh siad ó úsáid. Tá cuntar *espresso* féin ann. Is áit den scoth é anseo thíos anois, mar a gcaithinn mo liúntas suarach éadaí ar ghúnaí oíche saora agus mé ar an ardscoil, iad ar sladmhargadh ar an bpraghas sin chomh maith agus toise rómhór dom. Tá mé sáraithe ag na seacláidí ar fad. Cuireann siad an Nollaig i gcuimhne dom ach féachaint orthu, agus lena chois sin tá an mothú pulctha úd ag greamú díom, an craos sin agus do mhórdhóthain ite agat.

Suím ag an gcuntar *espresso* i mbun *cappuccino*, chun déileáil leis an marbhántacht atá tagtha orm lena bhfuil de shácráilteacht shiúcrúil timpeall orm. Tá an cuntar *espresso* déanta de mharmar dúghlas, fíor nó bréagach; tá ceannbhrat gleoite os a chionn, an tuairim atá ag duine éigin den Iodáil, agus stóilíní sclóine leis an gcuntar. Tá radharc uaidh seo ar an gcuntar mar a gcuirtear caoi ar bhróga. Ní cuntar den scoth é sin ach deimhníonn sé rud éigin dom. Cuirtear caoi ar bhróga daoine i gcónaí, ainneoin a bhfuil de sheacláid ann, ní fhaigheann siad réidh leis na bróga agus iad ar tí a bheith caite.

Sliocht cóirithe as *Cat's Eye* le Margaret Atwood

### Sliocht B

*Tableau* caismirneach de shaol an Lucht Siúil lá margaidh ba ea an Phríomhshráid. Míle ar fad atá an Phríomhshráid– an tsráid is faide in Éirinn a deirtear. Saol eile ar fad é seachas margaí sráide na *fiestas* Spáinneacha nó na *marchés* Próváinseacha atá chomh gleoite le cárta poist. Margadh traidisiúnta d'fheirmeoirí, seachas margadh feirmeoirí, é Aonach na Buiríse. Ní raibh tráta grianluisnithe ann, ná cainche orgánach ná milseogra figí ná radharc ar bith ar ispíní agus blas sáiste agus oragáin orthu.

Bhí ualach coisbheart agus éadaí scrábánacha ar fud na gcosán, chomh maith le troscán gránna, bréagáin agus ornáidí saora – a bhainfeadh an bonn den fhuadar caiteachais ar lipéid na ndearthóirí féin.

Bhí trádálaithe tagtha go dtí an sráidbhaile seo i gCeatharlach theas ó gach cearn in Éirinn.

Bhí sé ráite ag an seandream go raibh gach rud faoin spéir, idir ancaire agus shnáthaid, le ceannach ar Aonach na Buiríse. Ach níl éileamh ar cheachtar díobh sin a thuilleadh. Ba iad na feirmeoirí beaga agus a gcuid ban togha na gcustaiméirí tráth. Thagaidís anuas ó na Staighrí Dubha Lá Fhéile na Deastógála chun caoirigh a cheannach agus a dhíol, agus b'fhéidir go dtabharfaidís foireann nua créghréithe nó péire bríste abhaile leo.

Ach an lá atá inniu ann, bíonn feirmeoirí beaga ina suí ag a cúig a chlog ar maidin agus buaileann siad bóthar go dtí láithreacha tógála i mBaile Átha Cliath nó i bPort Láirge. Ag an deireadh seachtaine a dhéantar an tsiopadóireacht agus tá na laethanta saoire eaglaise féin imithe le gaoth.

Fós féin, spreagann an t-aonach cumha mhór i ndaoine atá an-dílis dó i gcónaí agus tá sé ar cheann de na himeachtaí buana ar fhéilire lucht na tuaithe san oirdheisceart. Ainneoin na hocastóireachta, nó ar a son sin b'fhéidir, bhí na sluaite amuigh arís inné.

Bhí an sráidbhaile lán de dhaoine a raibh an chuma orthu gur shiúil siad amach as gníomhaireacht roghnaithe aisteoirí do dhráma le JM Synge. Scoth na n-ógfhear ar chuma Christy Mahon agus straois mhór orthu, geansaithe Val Doonican á gcaitheamh acu, agus iad ag ceannach agus ag díol capall ag geataí an 'Tí Mhóir' , diméin mhúrtha agus caisleán ardríthe Laighean tráth dá raibh.

Mná ar chuma Pegeen Mike, a raibh mothall deargrua orthu go dtí go ndeachaigh siad i muinín an bhuidéil sárocsaíde; iad ag fáisceadh a mbabaithe chucu agus pictiúir bheannaithe agus éadaí leapa saora ar díol acu. ...

Bhí aoibh ar an Lucht Siúil grástúil agus iad dea-mhúinte gan teip.

Dúirt na Gardaí go raibh an tAonach 'síochánta' agus ní raibh tuairisc ar aon eachtra faoi lár an tráthnóna.

Sliocht cóirithe as alt le Michael Parsons in *The Irish Times, Déardaoin, 16 Lúnasa, 2007*

**Sliocht C**

Bhí na boird leagtha amach ina gciorcal mór timpeall ar láthair lárnach stáitse mar a raibh ceol éadrom ar siúl ag banna beag, míle bord ar a laghad a mheas Arthur, agus breactha eatarthu bhí plandaí pailme ag luascadh, scairdeáin ag sciúgaíl, dealbha áibhéalacha, an gléasra coitianta ar fad i mbialanna nár spáráladh an sparán iontu chun a thabhairt le fios nár spáráladh an sparán iontu. Thug Arthur súilfhéachaint thart, agus é leath ag súil le duine a fheiceáil i mbun fógra American Express a dhéanamh ...

I seomra beag i gceann de ghéaga na bialainne féin, tharraing slibire ard caol cuirtín i leataobh agus stán an éaguimhne idir an dá shúil air.

Ní dreach taitneamhach a bhí air, toisc go raibh an éaguimhne tar éis stánadh chomh minic sin air, b'fhéidir. I dtosach báire, bhí a éadan rófhada agus bhí sé ró-phúicshúileach, barraíocht de chochall os cionn na súl aige. Bhí sé róchuasleicneach, a chuid liopaí róchaol agus rófhada, agus nuair a scar sé iad bhí a chuid fiacla róchosúil le báfhuinneog ar cuireadh snas uirthi le déanaí. Na lámha a bhí i ngreim sa chuirtín, bhí siad fada agus caol freisin : iad fuar ina theannta sin.

Lig sé dá ghreim ar an gcuirtín, múchadh an solas uafar ar a cheannaithe agus d'imigh an solas ag súgradh in áit níos folláine. Chuaigh sé ag sirtheoireacht thart ar a sheomra beag mar a bheadh maintis ag machnamh ar sheilg na hoíche, agus shocraigh sé isteach i gcathaoir bhacach taobh le bord tristéil ar deireadh, áit ar fhéach sé trí roinnt bileog jócanna.

Bhuail clog.

Chuir sé beart tanaí na bpáipéar i leataobh agus d'éirigh ina sheasamh. Scuab a lámha go faon thar roinnt den mhilliún seacain ar dhath bogha síne a bhí feistithe dá sheaicéad, agus d'imigh sé an doras amach.

Maolaíodh na soilse sa bhialann, ghéaraigh an banna ar a luas seanma, chaolaigh spotsolas singil síos isteach i ndorchacht an staighre a dhírigh ar lár an stáitse.

Suas an staighre de léim leis an duine ard gealdathannach. Rop sé isteach ar an stáitse, thug coiscéimeanna éadroma go dtí an micreafón, bhain dá sheastán é in aon ghluaiseacht scuabach amháin dá lámh fhada chaol, agus sheas ar feadh nóiméid ag umhlú ar clé agus ar dheis don lucht féachana mar chomhartha aitheantais dá mbualadh bos agus a bháfhuinneog ar leathadh aige chucu. Bheannaigh sé dá chairde féin sa lucht féachana cé nach raibh duine ar bith díobh i láthair, agus d'fhan go ndeachaigh an bualadh bos in éag.

D'ardaigh sé a lámh agus leath straois air. Ní hamháin go raibh straois ó chluas go cluas air, ach ba chosúil go raibh sí ag síneadh amach thar chríocha a dhreacha féin.

'Go raibh maith agaibh, a fheara agus a mhná uaisle!' a liúigh sé. 'Go raibh míle maith agaibh. Go raibh céad míle maith agaibh.' Bhí spréach ina shúile agus é ag féachaint orthu.

'A mhná agus a fheara uaisle,' a dúirt sé, 'tá an Chruinne mar is eol dúinn í ar marthain anois le breis is céad seachtó milliún billiún bliain agus beidh sí ag teacht chun deiridh faoi cheann leathuair an chloig nó mar sin. Fáilte, dá bhrí sin roimh an uile dhuine chuig Milliways, an Bhialann i nDeireadh na Cruinne !'...

Chuaigh maidhm eile den bhualadh bos in éag go mear de réir mar a maolaíodh na soilse tuilleadh. Las coinnle ar gach bord uathu féin, rud a bhain anáil bheag de na haíonna agus a d'oirnigh iad le gcaochadh na mílte mionsoilse agus le caidreamh na milliún scáil. Bhíog spreang sceitimíní an bhialann dhorcha de réir mar a maolaíodh an solas sa chruinneachán órga os a gcionn go mall, mall ar fad, de réir mar a dhorchaigh sé, agus a chuaigh in éag....

'Sea, más ea, a mhná agus a fheara uaisle,' ar sé, 'tá na coinnle ar lasadh, an banna ag seinm go bog, agus de réir mar a dhéanann tréshoilseán iomlán den chruinneachán sin os ár gcionn a bhfuil sciath an fhórsa á chosaint, de réir mar a nochtfar spéir dhorcha dhúnéaltach ag iompar ualach trom an tsolais ársa as réaltaí ata liathghorma, is léir dom go bhfuil ardoíche apacailipsis i ndán dúinn !' Bogcheol na ngaothuirlisí sa bhanna féin, chuaigh sé in éag de réir mar a baineadh stangadh iomlán astu siúd ar fad nach raibh an radharc seo feicthe acu cheana.

Leath solas uafar an uafáis isteach orthu.

Sliocht cóirithe as *The Restaurant at the End of the Universe* le Douglas Adams.

## Sliocht D

Faoin am a mbainim an baile amach tá sé dorcha. Tá an meicneoir ag brú a rothair roimhe síos san íoslach. Tá sé leathan, ar chuma béir, agus dá ndíreodh sé a cheann in airde bheadh sé maorga go leor. Ach coimeádann sé an ceann cromtha, é ag gabháil leithscéil mar gheall ar a airde b'fhéidir, nó ag seachaint frámaí doirse an tsaoil seo b'fhéidir....

Leanaim é agus é ag brú an rothair síos an staighre. Buaileann smaoineamh mé mar gheall ar an íoslach.

Tá seomra dúbailte aige mar cheardlann. Tá urlár suiminte ann, aer tirim, agus solas leictreach geal buí. Tá teorainn leis an spás agus tá sé lán amach. Tá binse oibre feadh dhá cheann de na ballaí. Rothaí rothar agus boilg inmheánacha ar chrúcaí. Cliathbhosca bainne lán de phoitéinsiméadair fhabhtacha. Painéal plaisteach, tairní agus scriúnna air. Clár, agus fáiscirí beaga inslithe air don obair leictreonach. Clár lán de chrúcaí. Naoi méadar chearnacha de shraithadhmad agus an chuma air go bhfuil uirlisí an domhain uile air. Sraith iarann sádrála. Ceithre sheilf de sholáthairtí pluiméireachta, cannaí péinte, gléasanna steiréó bainte as a chéile, foirne rinsí soicéid, leictreoidí táthúcháin, agus foireann iomlán uirlisí leictreacha Metabo. In aghaidh an bhalla dhá shorcóir mhóra do tháthaire $CO_2$, agus dhá cheann níos lú do shéidtóirse. Tá meaisín níocháin ann freisin ina bhlúirí. Buicéid lán de thuaslagán mar chosaint ar chríonlobhadh adhmaid. Seastán rothair. Teannaire coise.

Tá an oiread sin earraí cruinnithe anseo gur cosúil go bhfuil siad ag feitheamh leis an leithscéal is lú chun rí rá a dhéanamh. Maidir liom féin de, measaim nár ghá ach mé a sheoladh anseo isteach i m'aonar chun an solas a lasadh, agus go gcruthódh sé sin spearbail chomh mór sin nach n-éireodh leat lasc an tsolais a aimsiú ina dhiaidh. Ach mar atá cúrsaí anois, tá gach rud ina áit féin agus iad coinnithe in ord ag meon feidhmiúil an té sin a dheimhníonn go mbeidh teacht aige i gcónaí ar an earra atá uaidh.

Domhan dúbailte é an áit. In airde tá an binse oibre, na huirlisí, an chathaoir oifige ard. Thíos faoin mbord, dúblaítear an chruinne ar leathmhéid. Bord beag máisiúiníte agus sábh cóipeála, scriúire, siséal. Stól beag. Binse oibre. Bís bheag. Cliathbhosca beorach. Bosca todóg agus tuairim is tríocha canna Humbrol ann. Earraí Isaiah. Bhí mé anseo istigh uair amháin cheana agus iad ina suí i mbun oibre. An meicneoir ar an gcathaoir, cromtha os cionn gloine formhéadúcháin ar sheastán; Isaiah ar an urlár...imithe leis féin. Bhí boladh sádair loiscthe agus roisín eapocsaigh ar an aer. Agus rud éigin eile, rud níos láidre: aird iomlán uileghabhálach. Thug mé suas le deich nóiméad i mo sheasamh ansin. Níor fhéach siad in airde oiread is uair amháin.

Sliocht cóirithe as *Miss Smilla's Feeling for Snow* le Peter Hoeg.

## Sliocht E

Ní hionann coillte agus spásanna ar bith eile. I dtosach báire, tá siad ciúbach. Timpeallaíonn a gcuid crann tú, cromann siad os do chionn agus iad ag brú isteach ort ó gach taobh. Múchann coillte aon radharc eile ort, agus fágann siad ar mearbhall tú gan treoshuíomh. Braitheann tú beaguchtach, ar díthreoir agus leochaileach, ar chuma linbh ar strae i slua cos strainséartha. Seas i ngaineamhlach nó ar fhéarthalamh agus bíonn a fhios agat go bhfuil spás ollmhór agat. Seas istigh i gcoill agus ní féidir a dhéanamh ach é a bhrath. Neamháiteanna ollmhóra gan ghnéithe iad agus iad ina steillbheatha.

Tá coillte lán de phúcaí. Fiú gan an smaoineamh gur gnáthóga ainmhithe allta iad, baineann mianach éigin den urchóid leo – rud éigin do-inste a chruinníonn isteach i mbroinn na cinniúna thú le gach coiscéim a thugann tú agus a fhágann an tuiscint ghlé i do cheann go bhfuil tú ar fán síoraí agus nach mór duit bior a chur ar do chluasa. Cé go n-áitíonn tú ort féin go bhfuil a leithéid áiféiseach, ní éiríonn leat a áiteamh ort féin nach bhfuiltear ag faire ort. Cuireann tú ina luí ort féin a bheith ar do shuaimhneas – níl ann ach coill in ainm Dé. Gach torann obann – bloscadh na ngéag ag titim, tuargaint fia ag imeacht ar cosa in airde – baineann sé geit asat. Cuireann sé ort casadh thart agus scaoll ort. Pé fearas atá istigh ionat chun aidréanailín a spreagadh, ní raibh sé riamh chomh slíoctha, chomh snasta. Sprionga corntha tú, fiú i do chodladh duit.

Cuid d'fhoraois ceithre mhilliún acra í an Chattahoochee atá i seilbh na cónaidhme. Síneann sí chomh fada le sléibhte an Great Smokey agus ar aghaidh uathu sin. Bheadh ceithre lá ann sula dtrasnódh Katz agus mé féin mórbhóthar poiblí, ocht lá ann sula mbainfimis baile mór amach. Shiúlamar linn mar sin.

Shiúlamar in airde thar shléibhte, trí loig arda a bhí ligthe i ndearmad, leanamar dromanna uaigneacha a raibh radharc uathu ar bhreis dromanna, thar mhullaí féarmhara agus síos le fánaí carraigeacha creathacha a bhí ag lúbadh agus ag casadh, agus ar aghaidh na mílte agus na mílte gan chríoch de choillte dorcha doimhne tostacha, ar chonair fhánaíochta ocht n-orlach déag ar leithead. Siúl, sin é a rinneamar.

Baineann foréigean aduain reoite le foraois as séasúr. Bíonn an chuma ar gach plásóg agus gleanntán go bhfuil mórchorraíl éigin díreach curtha díobh acu. Crainn a thit ina luí trasna na conaire gach caoga nó seasca slat, agus poill ollmhóra cré timpeall ar a gcuid fréamhacha spréite, amhail is a thit buama san áit. Bhí na dosaenacha eile díobh ag lobhadh ar chliatháin na sléibhte, agus bhí an chuma ar gach tríú nó ceathrú crann go raibh sé ag luí go trom ar a chomharsa. Déarfaí gur dhual dóibh titim, faoi mar gurbh é a ngnó faoi spéir na cruinne fás in airde chomh mór agus ab fhéidir chun go bhféadfaidís blosc mór scealptha a dhéanamh agus iad ag titim.

Ach níor thit aon chrann. Bhí na coillte socair agus ciúnas eisnádúrtha gach aon áit. Ar éigean a bhí torann ar bith iontu, seachas glothar uisce reatha agus scuabáil duillí ag titim sa ghaoth ó am go ham. Bhí an tost i réim sna coillte toisc nach raibh sé ina earrach go fóill. Ina áit sin chrágálamar linn trí dhomhan fuar ciúin na gcrann lom, faoi spéartha péatair, ar thalamh a bhí chomh crua le hiarann.

Sliocht cóirithe as *A Walk in the Woods* le Bill Bryson

Leathanach Bán

Leathanach Bán